# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 50

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

17 Feabhra 2023

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

★ **Cinneadh (AE) 2023/362 ón gComhairle an 14 Feabhra 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le forálacha áirithe de chomhaontuithe idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an tSeapáin maidir le haersheirbhísí** ... 1

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/363 ón gCoimisiún an 31 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear agus lena gceartaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 a mhéid a bhaineann le hinneachar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le nochtaí i ndoiciméid réamhchonarthacha agus i dtuarascálacha tréimhsiúla le haghaidh táirgí airgeadais lena n-infheistítear i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de** ([1]) ... 3

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/364 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2023 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "IPA Family 1" i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** ([1]) ... 28

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/365 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2023 lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú athbhreithniúcháin éaga a bhaineann le hallmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile iad de thionscnamh na hÚcráine** ... 56

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/366 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2023 maidir le húdarú ullmhóide *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 mar bhreiseán beathaithe a athnuachan le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis seachas mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe, maidir lena húdarú le haghaidh éin ornáideacha, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 787/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1020, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2276 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 107/2010 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 885/2011 (sealbhóir an údaraithe Kemin Europa N.V.)** ([1]) ... 59

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2023/367 ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2023 lena gcuirtear síneadh le téarma oifige an Choiste Fiosrúcháin chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid earraí spiaireachta faireachais Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais coibhéiseacha** ........................................ 65

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2023/362 ÓN gCOMHAIRLE

**an 14 Feabhra 2023**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le forálacha áirithe de chomhaontuithe idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an tSeapáin maidir le haersheirbhísí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Meitheamh 2003, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le tríú tíortha maidir le comhaontú ar leibhéal an Aontais a chur in ionad forálacha áirithe i gcomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana.

(2) Rinne an Coimisiún, thar ceann an Aontais, Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le forálacha áirithe de chomhaontuithe idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an tSeapáin maidir le haersheirbhísí ("an Comhaontú") a chaibidil. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú an 21 Meán Fómhair 2022.

(3) Tá sé de chuspóir ag an gComhaontú comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir 13 Bhallstát agus an tSeapáin a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

(4) Ba cheart an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le forálacha áirithe de chomhaontuithe idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus an tSeapáin maidir le haersheirbhísí ("an Comhaontú") a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích ([1]).

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

([1]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh tráth a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
E. SVANTESSON

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2023/363 ÓN gCOIMISIÚN

**an 31 Deireadh Fómhair 2022**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 a mhéid a bhaineann le hinneachar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le nochtaí i ndoiciméid réamhchonarthacha agus i dtuarascálacha tréimhsiúla le haghaidh táirgí airgeadais lena n-infheistítear i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais ([1]), agus go háirithe Airteagail 8(3), an ceathrú fomhír, Airteagal 8(4), an ceathrú fomhír, Airteagal 9(5), an ceathrú fomhír, Airteagal 9(6), an ceathrú fomhír, Airteagal 10(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 11(4), an ceathrú fomhír, agus Airteagal 11(5), an ceathrú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na mionsonraí maidir le hábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil leis an bprionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh”. Sonraítear ann freisin ábhar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le táscairí inbhuanaitheachta agus drochthionchair inbhuanaitheachta, agus ábhar agus cur i láthair na faisnéise atá le soláthar i ndoiciméid réamhchonarthacha, ar shuíomh gréasáin agus i dtuarascálacha tréimhsiúla, i ndáil le cur chun cinn saintréithe comhshaoil nó sóisialta agus cuspóirí infheistíochta inbhuanaithe na dtáirgí airgeadais. Thairis sin, maidir leis na táirgí airgeadais a infheistíonn i ngníomhaíocht eacnamaíoch a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil de réir bhrí Airteagal 2, pointe (17), de Rialachán (AE) 2019/2088, sonraítear freisin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 an fhaisnéis maidir le méid an ailínithe tacsanomaíochta atá le nochtadh laistigh de dhoiciméid réamhchonarthacha agus de thuarascálacha tréimhsiúla.

(2) An 9 Márta 2022, glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún ([3]), agus tagairt ar leith á déanamh d’earnálacha gáis iontaise agus fuinnimh núicléach.

(3) D’iarr an Coimisiún ar na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha leasuithe a mholadh go comhpháirteach ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 i ndáil leis an bhfaisnéis atá le soláthar i ndoiciméid réamhchonarthacha, ar shuíomhanna gréasáin, agus i dtuarascálacha tréimhsiúla maidir le nochtadh táirgí airgeadais d’infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí gáis iontaise agus fuinnimh núicléach.

([1]) IO L 317, 9.12.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na mionsonraí maidir le hábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil leis an bprionsabal “gan dochar suntasach a dhéanamh”, lena sonraítear ábhar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le táscairí inbhuanaitheachta agus drochthionchair inbhuanaitheachta, agus ábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le cur chun cinn saintréithe comhshaoil nó sóisialta agus cuspóirí infheistíochta inbhuanaithe i ndoiciméid réamhchonarthacha, ar shuíomhanna gréasáin agus i dtuarascálacha tréimhsiúla (IO L 196, 25.7.2022, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún an 9 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin (IO L 188, 15.7.2022, lch. 1).

(4) Tá gá leis na leasuithe sin chun trédhearcacht a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, chun cuidiú le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais agus le hinfheisteoirí gníomhaíochtaí gáis iontaise agus núicléacha ábhartha, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus ina n-infheistíonn táirgí airgeadais, a shainaithint. Tríd an bhfaisnéis níos mionsonraithe maidir le hinfheistíochtaí sna gníomhaíochtaí sin a sholáthar, ba cheart go gcothófaí inchomparáideacht na faisnéise a nochtar d'infheisteoirí freisin. Dá bhrí sin, is iomchuí trédhearcacht a sholáthar maidir le hinfheistíochtaí i ngníomhaíochtaí gáis iontaise agus fuinnimh núicléach atá inbhuanaithe atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de le linn shaolré iomlán na dtáirgí airgeadais ábhartha, i ndoiciméid réamhchonarthacha agus i dtuarascálacha tréimhsiúla. Ba cheart faisnéis den sórt sin a chur san áireamh i nochtaí suímh gréasáin freisin. Thug na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha dá n-aire go bhfuil gá cheana féin le trédhearcacht maidir le hinfheistíochtaí in earnálacha agus i bhfo-earnálacha a bhaineann le gníomhaíochtaí gáis iontaise agus fuinnimh núicléach mar chuid de na forálacha le haghaidh tuarascálacha tréimhsiúla faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288.

(5) Is gá a shoiléiriú, chun cur i bhfeidhm Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) a ghníomhachtú , nach bhfuil sé ábhartha má gheallann táirge airgeadais infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil de réir bhrí Airteagal 2, pointe (17), de Rialachán (AE) 2019/2088.

(6) Ina theannta sin, thug Údarás Mhaoirseachta Eorpacha dá n-aire go raibh gá le dhá athrú ar na crostagairtí sna nochtaí tréimhsiúla ós rud é go raibh siad earráideach.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 a leasú agus a cheartú dá réir sin.

(8) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde agus an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (Údaráis Mhaoirseachta Eorpacha) faoi bhráid an Choimisiúin.

(9) Comhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach dá dtagraítear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), in Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus in Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Árachais agus Athárachais agus ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Pinsean Ceirde arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, agus ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

(10) Is coigeartuithe teoranta ar an gcreat rialála atá ann cheana iad na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 agus tá gá leo chun an creat nochta a ailíniú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214, a mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023. I bhfianaise raon feidhme teoranta na leasuithe agus i bhfianaise an ghá atá le deimhneacht dhlíthiúil agus comhleanúnachas le cur i bhfeidhm Rialacháin Tharmligthe (AE) 2022/1214 agus (AE) 2022/1288 a áirithiú, bheadh sé díréireach do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha comhairliúcháin nó anailísí poiblí oscailte a dhéanamh ar na costais agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo,

([4]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 mar a leanas:

(1) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Chun críocha mhír 1, pointe (a), beidh feidhm ag gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) úsáidfidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais:

(i) an t-eochairtháscaire feidhmíochta céanna le haghaidh na n-infheistíochtaí comhiomlánaithe i ngnóthais neamhairgeadais,

(ii) an t-eochairtháscaire feidhmíochta céanna le haghaidh na n-infheistíochtaí comhiomlánaithe i ngnóthais airgeadais den chineál céanna,

(b) i gcás gnóthais árachais agus athárachais a dhéanann gníomhaíochtaí frithgheallta neamhshaoil, leis an eochairtháscaire feidhmíochta féadfar an infheistíocht agus na heochairtháscairí feidhmíochta frithghealltа a chomhcheangal i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178,

(c) i gcás ina n-infheistíonn na táirgí airgeadais i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de dá dtagraítear i Ranna 4.26, 4.27 agus 4.28 d’Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139, nó i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de dá dtagraítear i Ranna 4.29, 4.30 agus 4.31 de na hIarscríbhinní sin, léireofar ar leithligh sna léirithe grafacha cion na n-infheistíochtaí comhiomlánaithe sna nithe seo a leanas:

(i) gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de dá dtagraítear i Ranna 4.26, 4.27 agus 4.28 de na hIarscríbhinní sin,

(ii) gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de dá dtagraítear i Ranna 4.29, 4.30 agus 4.31 de na hIarscríbhinní sin.”,

(2) Leasaítear Airteagal 55 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

“I gcás táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852, áireoidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais sa roinn “Cérbh é cion na n-infheistíochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de?” sa teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, an fhaisnéis uile seo a leanas:”,

(b) i mír 2, cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

“(d) gcás ina ndearna na táirgí airgeadais infheistíochtaí le linn na tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil thréimhsiúil i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de dá dtagraítear i Ranna 4.26, 4.27 agus 4.28 d’Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139, nó i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de dá dtagraítear i Ranna 4.29, 4.30 agus 4.31 de na hIarscríbhinní sin, léireofar ar leithligh i léiriú grafach an méid seo a leanas:

(i) comhiomlán gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de dá dtagraítear i Ranna 4.26, 4.27 agus 4.28 de na hIarscríbhinní sin,

(ii) comhiomlán gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de dá dtagraítear i Ranna 4.29, 4.30 agus 4.31 de na hIarscríbhinní sin.”,

(3) Cuirtear Iarscríbhinní I go IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní II go V.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288**

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 mar a leanas:

(1) in Airteagal 55(1), i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iv):

“(iv) an fhaisnéis dá tagraítear in Airteagal 15(3), pointe (b),”,

(2) in Airteagal 62(1), i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iv):

“(iv) an fhaisnéis dá tagraítear in Airteagal 15(3), pointe (b),”.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

*"IARSCRÍBHINN II*

**Teimpléad don nochtadh réamhchonarthach le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8, míreanna 1, 2 agus 2a, de Rialachán (AE) 2019/2088 agus in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852**

**Ainm an táirge:** [líon isteach] **Aitheantóir an eintitis dhlítheanaigh:** [líon isteach]

# Saintréithe comhshaoil agus/nó sóisialta

Ciallaíonn **infheistíocht inbhuanaithe** infheistíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil nó sóisialta, ar choinníoll nach ndéanann an infheistíocht dochar suntasach d'aon chuspóir comhshaoil ná sóisialta agus go leanann na cuideachtaí infheistiúcháin dea-chleachtais rialachais.

Is córas aicmithe é **Tacsanomaíocht AE** a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852, lena mbunaítear liosta **gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de**. Ní áirítear sa Rialachán sin liosta gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí de. D'fhéadfadh infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil a bheith ailínithe leis an Tacsanomaíocht, nó gan bheith ailínithe léi.

**An bhfuil cuspóir infheistíochta inbhuanaithe ag an táirge airgeadais seo?** *[ticeáil agus líon isteach de réir mar is ábhartha, is é atá san fhigiúr céatadáin an gealltanas íosta maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe]*

| ☐ **Tá** | ☒ **Níl** |
|---|---|
| ☐ Déanfaidh sé íosmhéid d'**infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil:** ___% | ☐ Cuireann sé **saintréithe Comhshaoil/Sóisialta (C/S)** chun cinn agus cé nach bhfuil infheistíocht inbhuanaithe de chuspóir aige, beidh cion íosta ___% infheistíochtaí inbhuanaithe aige |
| ☐ i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE | ☐ ag a bhfuil cuspóir comhshaoil i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE |
| ☐ i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gcáilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE | ☐ ag a bhfuil cuspóir comhshaoil i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gcáilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE |
| | ☐ ag a bhfuil cuspóir sóisialta |
| ☐ Déanfaidh sé íosmhéid d'**infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir sóisialta:** ___% | ☐ Cuireann sé saintréithe C/S chun cinn, ach **ní dhéanfaidh sé aon infheistíocht inbhuanaithe** |



**Cad iad na saintréithe comhshaoil agus/nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais seo chun cinn?** *[cuir in iúl cad iad na saintréithe comhshaoil agus/nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn agus cé acu atá nó nach bhfuil tagarmharc tagartha ainmnithe chun na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn a chomhlíonadh]*

Le **táscairí inbhuanaitheachta**, tomhaistear an chaoi a gcomhlíontar na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn.

- ***Cad iad na táscairí inbhuanaitheachta a úsáidtear chun tomhas a dhéanamh ar chomhlíonadh gach ceann de na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais seo chun cinn?***

- ***Cad iad cuspóirí na n-infheistíochtaí inbhuanaithe atá beartaithe go páirteach a dhéanamh leis an táirge airgeadais agus conas a rannchuidíonn an infheistíocht inbhuanaithe leis na cuspóirí sin?*** *[cuir isteach, i gcás táirgí airgeadais lena ndéantar infheistíochtaí inbhuanaithe, tuairisc ar na cuspóirí agus ar an gcaoi a rannchuidíonn na hinfheistíochtaí inbhuanaithe le cuspóir na hinfheistíochta inbhuanaithe. Maidir leis na táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852, liostaigh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán sin lena rannchuidíonn an infheistíocht inbhuanaithe is bonn leis an táirge airgeadais]*

- ***Na hinfheistíochtaí inbhuanaithe atá beartaithe go páirteach a dhéanamh leis an táirge airgeadais, conas a tharlaíonn sé nach ndéanann siad dochar suntasach d'aon chuspóir infheistíochta inbhuanaithe comhshaoil nó sóisialta?*** *[cuir isteach tuairisc ar an táirge airgeadais lena bhfuil sé beartaithe go páirteach infheistíochtaí inbhuanaithe a dhéanamh]*

  - *Conas a cuireadh san áireamh táscairí le haghaidh drochthionchar ar thosca inbhuanaitheachta? [cuir isteach míniú faoin gcaoi a gcuirtear san áireamh na táscairí le haghaidh drochthionchar i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I agus aon táscaire ábhartha i dTáblaí 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I]*

  - *Cén chaoi a bhfuil na hinfheistíochtaí inbhuanaithe ailínithe le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine? Mionsonraí: [cuir isteach míniú ar an ailíniú le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, lena n-áirítear na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha a shainaithnítear i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail agus Cearta Bunúsacha ag an Obair agus sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine]*

Tá **drochthionchair phríomha** ar na tionchair dhiúltacha is mó atá ag cinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta a bhaineann le hábhair chomhshaoil, shóisialta agus fostaithe, urraim do chearta an duine, ábhair frithéillithe agus frithbhreabaireachta.

*[cuir isteach ráiteas maidir le táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852]*

*Leagtar amach le Tacsanomaíocht AE prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a fhágann nár cheart d'infheistíochtaí atá ailínithe le Tacsanomaíocht dochar suntasach a dhéanamh do chuspóirí Thacsanomaíocht AE agus tá critéir shonracha AE ag gabháil léi.*

Ní chuirtear an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i bhfeidhm ach amháin i gcás na n-infheistíochtaí sin is bonn leis an táirge airgeadais lena gcuirtear san áireamh na critéir AE le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ní chuirtear san áireamh leis na hinfheistíochtaí is bonn leis an gcuid eile den táirge airgeadais sin na critéir AE le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

*Ina theannta sin, níor cheart d'aon infheistíocht inbhuanaithe eile dochar suntasach a dhéanamh d'aon chuspóir comhshaoil nó sóisialta.*

**An mbreithníonn an táirge airgeadais seo drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta?**

☐ Breithníonn, ______ *[má bhreithníonn an táirge airgeadais drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta, cuir isteach míniú soiléir agus réasúnaithe ar an gcaoi a mbreithníonn sé drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta. Léirigh cén áit, san fhaisnéis atá le nochtadh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/2088, a bhfuil fáil ar an bhfaisnéis maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta]*

☐ Ní bhreithníonn

**Cén straitéis infheistíochta a leanann an táirge airgeadais seo?** *[tabhair tuairisc ar an straitéis infheistíochta agus léirigh an chaoi a gcuirtear an straitéis chun feidhme sa phróiseas infheistíochta ar bhonn leanúnach]*

Leis **an straitéis infheistíochta**, treoraítear cinntí infheistíochta bunaithe ar thosca amhail cuspóirí infheistíochta agus lamháltas riosca.


Le **dea-chleachtais rialachais**, áirítear struchtúir bhainistíochta fhónta, caidreamh fostaithe, luach saothair na foirne agus comhlíonadh cánach.

- ***Cad iad na heilimintí ceangailteacha den straitéis infheistíochta a úsáidtear chun na hinfheistíochtaí a roghnú chun gach ceann de na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais seo chun cinn a chomhlíonadh?***
- ***Cad é an ráta íosta geallta chun laghdú a dhéanamh ar raon feidhme na n-infheistíochtaí a chuirtear san áireamh roimh chur i bhfeidhm na straitéise infheistíochta sin?*** *[cuir an ráta in iúl, i gcás ina bhfuil gealltanas ann raon feidhme na n-infheistíochtaí a laghdú faoi ráta íosta]*
- ***Cén beartas atá ann chun measúnú a dhéanamh ar dhea-chleachtais rialachais na gcuideachtaí infheistiúcháin?*** *[tabhair tuairisc ghearr ar an mbeartas atá ann chun measúnú a dhéanamh ar dhea-chleachtais rialachais na gcuideachtaí infheistiúcháin]*

**Cad é an leithdháileadh sócmhainní atá beartaithe le haghaidh an táirge airgeadais seo?** *[cuir isteach míniú insinte faoi infheistíochtaí an táirge airgeadais, lena n-áirítear cion íosta infheistíochtaí an táirge airgeadais a úsáidtear chun na saintréithe comhshaoil nó sóisialta atá á gcur chun cinn ag an táirge airgeadais a chomhlíonadh i gcomhréir le heilimintí ceangailteacha na straitéise infheistíochta, lena n-áirítear cion íosta infheistíochtaí inbhuanaithe an táirge airgeadais i gcás ina ngeallann an táirge airgeadais sin infheistíochtaí inbhuanaithe a dhéanamh, agus cuspóir an chion atá fágtha de na hinfheistíochtaí, lena n-áirítear tuairisc ar aon choimirce íosta chomhshaoil nó shóisialta]*

*[ná cuir isteach nóta ach amháin le haghaidh táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/852* Sloinntear gníomhaíochtaí atá ailínithe le tacsanomaíocht mar sciar de na nithe seo a leanas:
- **láimhdeachas** lena léirítear an sciar ioncaim ó ghníomhaíochtaí glasa cuideachtaí infheistiúcháin
- **caiteachas caipitiúil** (CapEx) lena dtaispeántar na hinfheistíochtaí glasa arna ndéanamh ag cuideachtaí infheistiúcháin, e.g. le haghaidh aistriú chuig geilleagar glas.
- **caiteachas oibríochtúil** (OpEx) lena léirítear gníomhaíochtaí oibríochtúla glasa cuideachtaí infheistiúcháin.

*[Ná cuir ach boscaí ábhartha san áireamh, bain na cinn neamhábhartha le haghaidh an táirge airgeadais]*




**Le #1 Ailínithe le saintréithe C/S**, áirítear infheistíochtaí an táirge airgeadais a úsáidtear chun na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn a bhaint amach.

Le **#2 Eile**, áirítear na hinfheistíochtaí atá fágtha den táirge airgeadais nach bhfuil ailínithe le saintréithe comhshaoil ná sóisialta, ná nach bhfuil cáilithe mar infheistíochtaí inbhuanaithe.

*[cuir isteach an nóta thíos i gcás ina ngeallann an táirge airgeadais infheistíochtaí inbhuanaithe a dhéanamh]*
Leis an gcatagóir **#1 Ailínithe le saintréithe C/S**, cumhdaítear:
Leis an bhfochatagóir **#1A Inbhuanaithe**, cumhdaítear infheistíochtaí inbhuanaithe a bhfuil cuspóirí comhshaoil nó sóisialta acu.
Leis an bhfochatagóir **#1B Saintréithe C/S Eile**, cumhdaítear infheistíochtaí atá ailínithe leis na saintréithe comhshaoil nó sóisialta nach gcáilíonn mar infheistíochtaí inbhuanaithe.

- ***Conas a chomhlíonann úsáid díorthach na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn?*** *[I gcás táirgí airgeadais a úsáideann díorthaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (29), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann siad chun cinn a chomhlíonadh, tabhair tuairisc ar an gcaoi a gcomhlíonann úsáid na ndíorthach sin na saintréithe sin]*

*[ná cuir isteach nóta ach amháin le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852]*

Chun Tacsanomaíocht AE a chomhlíonadh, áirítear leis na critéir maidir le **gás iontaise** teorainneacha ar astaíochtaí agus aistriú chuig cumhacht in-athnuaite nó breoslaí ísealcharbóin faoi dheireadh 2035. Maidir le **fuinneamh núicléach**, áirítear leis na critéir rialacha cuimsitheacha sábháilteachta agus bainistithe dramhaíola.

Le **gníomhaíochtaí cumasúcháin**, cuirtear ar a gcumas go díreach do ghníomhaíochtaí eile rannchuidiú substaintiúil a dhéanamh le cuspóir comhshaoil.

Is gníomhaíochtaí iad **gníomhaíochtaí idirthréimhseacha** nach bhfuil roghanna malartacha ísealcharbóin ar fáil ina leith fós agus, i measc nithe eile, a bhfuil leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa acu a chomhfhreagraíonn don fheidhmíocht is fearr.

*[cuir isteach nóta le haghaidh táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852 lena n-infheistítear i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha comhshaoil nach gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de]*

infheistíochtaí inbhuanaithe a bhfuil cuspóir comhshaoil acu agus **nach gcuireann san áireamh na critéir** maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE.

**Cá híosmhéid atá infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil ailínithe le Tacsanomaíocht AE?** *[cuir isteach roinn le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852 agus cuir isteach an léiriú grafach dá dtagraítear in Airteagal 15(1), pointe (a), den Rialachán seo, an tuairisc dá dtagraítear in Airteagal 15(1), pointe (b), den Rialachán seo, míniú soiléir dá dtagraítear in Airteagal 15(1), pointe (c), den Rialachán seo, míniú insinte dá dtagraítear in Airteagal 15(1), pointe (d), den Rialachán seo agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 15(2) agus (3) den Rialachán seo]*

**An infheistíonn an táirge airgeadais i ngníomhaíochtaí a bhaineann le gás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach a chomhlíonann Tacsanomaíocht AE[1]?**


Infheistíonn: *[sonraigh thíos, agus tabhair sonraí i ngraif an bhosca]*


I ngás iontaise I bhfuinneamh núicléach

Ní infheistíonn

***Léirítear i ndath glas sa dá ghraf thíos céatadán íosta na n-infheistíochtaí atá ailínithe le Tacsanomaíocht AE. Ós rud é nach bhfuil aon mhodheolaíocht iomchuí ann chun ailíniú Tacsanomaíochta na mbannaí ceannasacha a chinneadh*, léirítear sa chéad ghraf an t-ailíniú Tacsanomaíochta i ndáil le hinfheistíochtaí uile an táirge airgeadais lena n-áirítear bannaí ceannasacha, agus sa dara graf ní léirítear an t-ailíniú Tacsanomaíochta ach amháin i ndáil le hinfheistíochtaí an táirge airgeadais nach bannaí ceannasacha iad.***

*[ná cuir sna graif ach na figiúirí le haghaidh gás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach atá ailínithe le Tacsanomaíocht, chomh maith leis an eochair eolais chomhfhreagrach agus an téacs míniúcháin san imeall ar chlé má dhéanann an táirge airgeadais infheistíochtaí i ngás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach]*




** Chun críoch na ngraf seo, is éard atá sna 'bannaí ceannasacha' gach neamhchosaint cheannasach.*

***Cad é sciar íosta na n-infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha agus i ngníomhaíochtaí cumasúcháin?*** *[cuir isteach roinn le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852]*

**Cad é sciar íosta na n-infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil nach bhfuil ailínithe le Tacsanomaíocht AE?** *[ná cuir isteach roinn ach amháin le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852 i gcás ina n-infheistíonn an táirge airgeadais i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus mínigh an fáth a*

[1] Gníomhaíochtaí a bhaineann le gás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach, ní chomhlíonfaidh siad Tacsanomaíocht AE ach amháin i gcás ina rannchuidíonn siad leis an athrú aeráide a theorannú ('maolú ar an athrú aeráide') agus nach ndéanann siad dochar suntasach d'aon chuspóir de chuid Thacsanomaíocht AE - féach an nóta míniúcháin ar an imeall ar chlé. Leagtar síos na critéir iomlána le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha gáis iontaise agus fuinnimh núicléach a chomhlíonann Tacsanomaíocht AE i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún.

*n-infheistíonn an táirge airgeadais in infheistíochtaí inbhuanaithe a bhfuil cuspóir comhshaoil acu i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil ailínithe le Tacsanomaíocht]*

**Cad é sciar íosta na n-infheistíochtaí atá inbhuanaithe go sóisialta?** *[ná cuir isteach roinn ach amháin i gcás ina n-áirítear sa táirge airgeadais infheistíochtaí inbhuanaithe a bhfuil cuspóir sóisialta acu]*

**Cad iad na hinfheistíochtaí a áirítear faoi '#2 Eile', cad is cuspóir dóibh agus an ann d'aon choimirce chomhshaoil nó shóisialta íosta?**

**An bhfuil innéacs sonrach ainmnithe mar thagarmharc chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an táirge airgeadais seo ailínithe leis na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann sé chun cinn?** *[cuir isteach roinn i gcás inar ainmníodh innéacs mar thagarmharc chun na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn a chomhlíonadh agus cuir in iúl an áit ar féidir teacht ar an modheolaíocht a úsáidtear chun an t-innéacs ainmnithe a ríomh]*

*[cuir isteach nóta le haghaidh táirgí airgeadais i gcás inar ainmníodh innéacs mar thagarmharc chun na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn a chomhlíonadh]*

Is innéacsanna iad **tagarmharcanna** chun tomhas a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an táirge airgeadais na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann sé chun cinn.

- ***Conas a dhéantar an tagarmharc a ailíniú go leanúnach le gach ceann de na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn?***
- ***Conas a dhéantar ailíniú na straitéise infheistíochta le modheolaíocht an innéacs a áirithiú ar bhonn leanúnach?***
- ***Conas atá an t-innéacs ainmnithe éagsúil le hinnéacs leathan margaidh ábhartha?***
- ***Cén áit ar féidir teacht ar an modheolaíocht a úsáidtear chun an t-innéacs ainmnithe a ríomh?***

**Cén áit ar féidir liom tuilleadh faisnéis tháirgeshonrach a fháil ar líne?**

**Is féidir tuilleadh faisnéis tháirgeshonrach a fháil ar an suíomh gréasáin:** *[cuir isteach hipearnasc chuig an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán seo]*"

*IARSCRÍBHINN II*

*'IARSCRÍBHINN III*

**Teimpléad don nochtadh réamhchonarthach le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 9, míreanna 1 go 4a, de Rialachán (AE) 2019/2088 agus in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852**

Ciallaíonn **infheistíocht inbhuanaithe** infheistíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil nó sóisialta, ar choinníoll nach ndéanann an infheistíocht dochar suntasach d'aon chuspóir comhshaoil ná sóisialta agus go leanann na cuideachtaí infheistiúcháin dea-chleachtais rialachais.

Is córas aicmithe é **Tacsanomaíocht AE** a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852, lena mbunaítear liosta **gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de**. Ní áirítear sa Rialachán sin liosta gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí de. D'fhéadfadh infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil a bheith ailínithe leis an Tacsanomaíocht, nó gan bheith ailínithe léi.

**Ainm an táirge:** [líon isteach] **Aitheantóir an eintitis dhlítheanaigh:** [líon isteach]

# Cuspóir infheistíochta inbhuanaithe

**An bhfuil cuspóir infheistíochta inbhuanaithe ag an táirge airgeadais seo?** *[ticeáil agus líon isteach de réir mar is ábhartha, is é atá san fhigiúr céatadáin an gealltanas íosta maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe]*

| ☒ **Tá** | ☐ **Níl** |
|---|---|
| ☐ Déanfaidh sé íosmhéid d'**infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil:** ___% | ☐ Cuireann sé **saintréithe Comhshaoil/Sóisialta (C/S)** chun cinn agus cé nach bhfuil infheistíocht inbhuanaithe de chuspóir aige, beidh cion íosta ___% infheistíochtaí inbhuanaithe aige |
| ☐ i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE | ☐ ag a bhfuil cuspóir comhshaoil i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE |
| ☐ i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gcáilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE | ☐ ag a bhfuil cuspóir comhshaoil i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gcáilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE |
| | ☐ ag a bhfuil cuspóir sóisialta |
| ☐ Déanfaidh sé íosmhéid d'**infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir sóisialta:** ___% | ☐ Cuireann sé saintréithe C/S chun cinn, ach **ní dhéanfaidh sé aon infheistíocht inbhuanaithe** |

Le **táscairí inbhuanaitheachta**, tomhaistear an chaoi a gcomhlíontar cuspóirí inbhuanaithe an táirge airgeadais seo.

**Cad é cuspóir infheistíochta inbhuanaithe an táirge airgeadais seo?** *[léirigh an cuspóir infheistíochta atá á shaothrú ag an táirge airgeadais, tabhair tuairisc ar an gcaoi a rannchuidíonn na hinfheistíochtaí inbhuanaithe le cuspóir infheistíochta inbhuanaithe agus léirigh cé acu a ainmníodh nó nár ainmníodh tagarmharc chun an cuspóir infheistíochta inbhuanaithe a bhaint amach. I gcás táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852, i leith infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóirí comhshaoil, liostaigh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán*

*sin lena rannchuidíonn an infheistíocht inbhuanaithe is bonn leis an táirge airgeadais. I gcás táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2019/2088, léirigh go bhfuil sé de chuspóir ag an táirge airgeadais astaíochtaí carbóin a laghdú agus mínigh go gcáilíonn an tagarmharc mar Thagarmharc Aistrithe Aeráide AE nó mar Thagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras faoi Theideal III, Caibidil 3a, de Rialachán (AE) 2016/1011 agus léirigh cén áit a bhfuil fáil ar an modheolaíocht a úsáidtear chun an tagarmharc sin a ríomh. I gcás nach bhfuil fáil ar aon Tagarmharc Aistrithe Aeráide AE nó ar aon Tagarmharc AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras, atá cáilithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1011, tabhair tuairisc ar an méid sin, ar an gcaoi a ndéantar an iarracht leanúnach maidir le baint amach an chuspóra i ndáil le hastaíochtaí carbóin a laghdú a áirithiú d'fhonn cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus ar a mhéid a chomhlíonann an táirge airgeadais na ceanglais mhodheolaíochta a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún]*

- ***Cé na táscairí inbhuanaitheachta a úsáidtear chun baint amach chuspóir infheistíochta inbhuanaithe an táirge airgeadais seo a thomhas?***

- ***Cén chaoi nach ndéanann infheistíochtaí inbhuanaithe dochar suntasach d'aon chuspóir infheistíochta inbhuanaithe comhshaoil nó d'aon chuspóir infheistíochta inbhuanaithe sóisialta?***

Tá **drochthionchair phríomha** ar na tionchair dhiúltacha is mó atá ag cinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta a bhaineann le hábhair chomhshaoil, shóisialta agus fostaithe, urraim do chearta an duine, ábhair frithéillithe agus frithbhreabaireachta.

*Conas a cuireadh san áireamh táscairí le haghaidh drochthionchar ar thosca inbhuanaitheachta? [mínigh an chaoi a gcuirtear san áireamh na táscairí le haghaidh drochthionchar i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I agus aon táscaire ábhartha i dTáblaí 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I]*

*Cén chaoi a bhfuil na hinfheistíochtaí inbhuanaithe ailínithe le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine? [cuir isteach míniú ar an ailíniú le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, lena n-áirítear na prionsabail agus na cearta a leagtar amach sna hocht gcoinbhinsiún bhunúsacha a shainaithnítear i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail agus Cearta Bunúsacha ag an Obair agus sa Bhille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine]*



**An mbreithníonn an táirge airgeadais seo drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta?**

☐ Breithníonn *[má bhreithníonn an táirge airgeadais drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta, cuir isteach míniú soiléir agus réasúnaithe ar an gcaoi a mbreithníonn sé drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta. Léirigh cén áit, san fhaisnéis atá le nochtadh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/2088, a bhfuil fáil ar an bhfaisnéis maidir le drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta]*

☐ Ní bhreithníonn



**Cén straitéis infheistíochta a leanann an táirge airgeadais seo?** *[tabhair tuairisc ar an straitéis infheistíochta agus léirigh an chaoi a gcuirtear an straitéis chun feidhme sa phróiseas infheistíochta ar bhonn leanúnach]*

Leis **an straitéis infheistíochta**, treoraítear cinntí infheistíochta bunaithe ar thosca amhail cuspóirí infheistíochta agus lamháltas riosca.

- ***Cad iad na heilimintí ceangailteacha den straitéis infheistíochta a úsáidtear chun na hinfheistíochtaí a roghnú chun an cuspóir infheistíochta inbhuanaithe a chomhlíonadh?***

Le **dea-chleachtais rialachais**, áirítear struchtúir bhainistíochta fhónta, caidreamh fostaithe, luach saothair na foirne agus comhlíonadh cánach.


***Cén beartas atá ann chun measúnú a dhéanamh ar dhea-chleachtais rialachais na gcuideachtaí infheistiúcháin?***

## Cad é an leithdháileadh sócmhainní agus sciar íosta na n-infheistíochtaí inbhuanaithe?

*[cuir isteach míniú insinte ar infheistíochtaí an táirge airgeadais lena n-áirítear cion íosta infheistíochtaí an táirge airgeadais a úsáidtear chun an cuspóir infheistíochta inbhuanaithe a chomhlíonadh i gcomhréir le heilimintí ceangailteacha na straitéise infheistíochta]*

Le **leithdháileadh sócmhainní**, tugtar tuairisc ar sciar na n-infheistíochtaí i sócmhainní sonracha.

*[Ná cuir ach boscaí ábhartha san áireamh, bain na cinn neamhábhartha le haghaidh an táirge airgeadais]*




Le **#1 Inbhuanaithe**, cumhdaítear infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóirí comhshaoil nó sóisialta.

Le **#2 Neamh-inbhuanaithe**,

*[ná cuir isteach nóta ach amháin le haghaidh táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852]*

Sloinntear gníomhaíochtaí atá ailínithe le tacsanomaíocht mar sciar de na nithe seo a leanas:

- **láimhdeachas** lena léirítear an sciar ioncaim ó ghníomhaíochtaí glasa cuideachtaí infheistiúcháin
- **caiteachas caipitiúil** (CapEx) lena dtaispeántar na hinfheistíochtaí glasa arna ndéanamh ag cuideachtaí infheistiúcháin, e.g. le haghaidh aistriú chuig geilleagar glas.
- **caiteachas oibríochtúil** (OpEx) lena léirítear gníomhaíochtaí oibríochtúla glasa cuideachtaí infheistiúcháin.

***Conas a chomhlíonann úsáid díorthach na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn?*** *[i gcás táirgí airgeadais a úsáideann díorthaigh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (29), de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun a gcuspóir infheistíochta inbhuanaithe a bhaint amach, tabhair tuairisc ar an gcaoi a mbaintear amach an cuspóir infheistíochta inbhuanaithe sin le húsáid na ndíorthach sin]*

## Cá híosmhéid atá infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil ailínithe le Tacsanomaíocht AE?

*[cuir isteach an roinn le haghaidh táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852 agus cuir isteach an léiriú grafach dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (a), den Rialachán seo, an tuairisc dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (b), den Rialachán seo, an míniú soiléir dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (c), den Rialachán seo, an míniú insinte dá dtagraítear in Airteagal 19(1), pointe (d), den Rialachán seo]*

**An infheistíonn an táirge airgeadais i ngníomhaíochtaí a bhaineann le gás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach a chomhlíonann Tacsanomaíocht AE[1]?**

☐ Infheistíonn: *[sonraigh thíos, agus tabhair sonraí i ngraif an bhosca]*

☐ I ngás ☐ iontaise I bhfuinneamh núicléach

☐ Ní infheistíonn

[1]Gníomhaíochtaí a bhaineann le gás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach, ní chomhlíonfaidh siad Tacsanomaíocht AE ach amháin i gcás ina rannchuidíonn siad leis an athrú aeráide a theorannú ('maolú ar an athrú aeráide') agus nach ndéanann siad dochar suntasach d'aon chuspóir de chuid Thacsanomaíocht AE - féach an nóta míniúcháin ar an imeall ar chlé. Leagtar síos na critéir iomlána le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha gáis iontaise agus fuinnimh núicléach a chomhlíonann Tacsanomaíocht AE i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún.


*[ná cuir isteach nóta ach amháin le haghaidh táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852]*
Chun Tacsanomaíocht AE a chomhlíonadh, áirítear leis na critéir maidir le **gás iontaise** teorainneacha ar astaíochtaí agus aistriú chuig cumhacht atá go hiomlán in-athnuaite nó breoslaí ísealcharbóin faoi dheireadh 2035. Maidir le **fuinneamh núicléach**, áirítear leis na critéir rialacha cuimsitheacha sábháilteachta agus bainistithe dramhaíola.


Le **gníomhaíochtaí cumasúcháin**, cuirtear ar a gcumas go díreach do ghníomhaíochtaí eile rannchuidiú substaintiúil a dhéanamh le cuspóir comhshaoil.

Is gníomhaíochtaí iad **gníomhaíochtaí idirthréimhseacha** nach bhfuil roghanna malartacha ísealcharbóin ar fáil ina leith fós agus, i measc nithe eile, a bhfuil leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa acu a chomhfhreagraíonn don fheidhmíocht is fearr.

***Léirítear i ndath glas sa dá ghraf thíos céatadán íosta na n-infheistíochtaí atá ailínithe le Tacsanomaíocht AE. Ós rud é nach bhfuil aon mhodheolaíocht iomchuí ann chun ailíniú Tacsanomaíochta na mbannaí ceannasacha a chinneadh*, léirítear sa chéad ghraf an t-ailíniú Tacsanomaíochta i ndáil le hinfheistíochtaí uile an táirge airgeadais lena n-áirítear bannaí ceannasacha, agus sa dara graf ní léirítear an t-ailíniú Tacsanomaíochta ach amháin i ndáil le hinfheistíochtaí an táirge airgeadais nach bannaí ceannasacha iad.***

***[ná cuir sna graif ach na figiúirí le haghaidh gás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach atá ailínithe le Tacsanomaíocht, chomh maith leis an eochair eolais chomhfhreagrach agus an téacs míniúcháin san imeall ar chlé má dhéanann an táirge airgeadais infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha gáis iontaise agus/nó fuinnimh núicléach atá ailínithe le Tacsanomaíocht]***




**** Chun críoch na ngraf seo, is éard atá sna 'bannaí ceannasacha' gach neamhchosaint cheannasach.***

***Cad é sciar íosta na n-infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha agus i ngníomhaíochtaí cumasúcháin?*** *[cuir isteach roinn le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852]*

*[cuir isteach nóta le haghaidh táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852 lena n-infheistítear i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha comhshaoil nach gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de]*
infheistíochtaí inbhuanaithe a bhfuil cuspóir comhshaoil acu agus **nach gcuireann san áireamh na critéir** maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE.

**Cad é sciar íosta na n-infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil nach bhfuil ailínithe le Tacsanomaíocht AE?** *[ná cuir isteach roinn ach amháin le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852, i gcás ina n-infheistíonn an táirge airgeadais i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha comhshaoil nach gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus mínigh an fáth a n-infheistíonn an táirge airgeadais in infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil ailínithe le Tacsanomaíocht]*

**Cad é sciar íosta na n-infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir sóisialta?** *[ná cuir isteach roinn ach amháin i gcás ina n-áirítear sa táirge airgeadais infheistíochtaí inbhuanaithe a bhfuil cuspóir sóisialta acu]*

**Cé na hinfheistíochtaí a áirítear faoi '#2 Neamh-inbhuanaithe', cad is cuspóir dóibh agus an ann d'aon choimirce chomhshaoil nó shóisialta íosta?** *[tabhair tuairisc ar chuspóir an chion atá fágtha d'infheistíochtaí an táirge airgeadais, lena n - áirítear tuairisc ar aon choimirce íosta chomhshaoil nó shóisialta, an chaoi nach ndéanann a gcion ná a n-úsáid difear do sheachadadh an chuspóra infheistíochta inbhuanaithe ar bhonn leanúnach agus cé acu a úsáidtear nó nach n - úsáidtear na hinfheistíochtaí sin le haghaidh fálaithe nó a bhaineann nó nach mbaineann siad le hairgead tirim a shealbhaítear mar leachtacht choimhdeach]*

**An bhfuil innéacs sonrach ainmnithe mar thagarmharc chun an cuspóir infheistíochta inbhuanaithe a chomhlíonadh?** *[ná cuir isteach roinn ach amháin le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2088 agus cuir in iúl an áit ar féidir teacht ar an modheolaíocht a úsáidtear chun an t-innéacs ainmnithe a ríomh]*

*[cuir isteach nóta le haghaidh táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2088]*
Is innéacsanna iad **tagarmharcanna** chun tomhas a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an táirge airgeadais an cuspóir infheistíochta inbhuanaithe.

- ***Cén chaoi a gcuireann an tagarmharc tosca inbhuanaitheachta san áireamh ar bhealach atá ailínithe go leanúnach leis an gcuspóir infheistíochta inbhuanaithe?***
- ***Conas a dhéantar ailíniú na straitéise infheistíochta le modheolaíocht an innéacs a áirithiú ar bhonn leanúnach?***
- ***Conas atá an t-innéacs ainmnithe éagsúil le hinnéacs leathan margaidh ábhartha?***
- ***Cén áit ar féidir teacht ar an modheolaíocht a úsáidtear chun an t-innéacs ainmnithe a ríomh?***

**Cén áit ar féidir liom tuilleadh faisnéis tháirgeshonrach a fháil ar líne?**

**Is féidir tuilleadh faisnéis tháirgeshonrach a fháil ar an suíomh gréasáin:** *[cuir isteach hipearnasc chuig an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán seo* "

*IARSCRÍBHINN III*

*"IARSCRÍBHINN IV*

**Teimpléad don nochtadh tréimhsiúil le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 8, míreanna 1, 2 agus 2a, de Rialachán (AE) 2019/2088 agus in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852**

Ciallaíonn **infheistíocht inbhuanaithe** infheistíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil nó sóisialta, ar choinníoll nach ndéanann an infheistíocht dochar suntasach d'aon chuspóir comhshaoil ná sóisialta agus go leanann na cuideachtaí infheistiúcháin dea-chleachtais rialachais.

Is córas aicmithe é **Tacsanomaíocht AE** a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852, lena mbunaítear liosta **gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de**. Ní áirítear sa Rialachán sin liosta gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaíde. D'fhéadfadh infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil a bheith ailínithe leis an Tacsanomaíocht, nó gan bheith ailínithe léi.

**Ainm an táirge:** [líon isteach] **Aitheantóir an eintitis dhlítheanaigh:** [líon isteach]

# Saintréithe comhshaoil agus/nó sóisialta

**An raibh cuspóir infheistíochta inbhuanaithe ag an táirge airgeadais seo?** *[ticeáil agus líon isteach de réir mar is ábhartha, is é atá san fhigiúr céatadáin an gealltanas íosta maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe]*

| ☐ **Bhí** | ☒ **Ní raibh** |
|---|---|
| ☐ Rinne sé **infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil:** __% | ☐ Chuir sé **saintréithe Comhshaoil/Sóisialta (C/S) chun cinn** agus cé nach raibh infheistíocht inbhuanaithe ina chuspóir aige, bhí cion __% infheistíochtaí inbhuanaithe aige |
| ☐ i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE | ☐ ag a bhfuil cuspóir comhshaoil i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE |
| ☐ i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gcáilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE | ☐ ag a bhfuil cuspóir comhshaoil i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gcáilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE |
| | ☐ ag a bhfuil cuspóir sóisialta |
| ☐ Rinne sé **infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir sóisialta:** __% | ☐ Chuir sé saintréithe C/S chun cinn, ach **ní dhearna sé aon infheistíocht inbhuanaithe** |

Le **táscairí inbhuanaitheachta**, tomhaistear an chaoi a gcomhlíontar na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn.

**Cá mhéad a comhlíonadh na saintréithe comhshaoil agus/nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais seo chun cinn?** *[liostaigh na saintréithe comhshaoil agus/nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn. I gcás na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852, i leith infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóirí comhshaoil, liostaigh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán sin lenar rannchuidigh an infheistíocht inbhuanaithe is bonn leis an táirge airgeadais. I gcás táirgí airgeadais a rinne infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóirí sóisialta, liostaigh na cuspóirí sóisialta]*

- ***Cén chaoi ar fheidhmigh na táscairí inbhuanaitheachta?***

***…agus i gcomparáid le tréimhsí roimhe sin?*** *[cuir san áireamh le haghaidh táirgí airgeadais i gcás inar soláthraíodh ar a laghad tuarascáil thréimhsiúil amháin roimhe seo]*

***Cérbh iad cuspóirí na n-infheistíochtaí inbhuanaithe a rinne an táirge airgeadais go páirteach agus cén chaoi ar rannchuidigh an infheistíocht inbhuanaithe leis na cuspóirí sin?*** *[cuir san áireamh le haghaidh táirgí airgeadais a rinne infheistíochtaí inbhuanaithe, i gcás nach bhfuil sé san áireamh sa fhreagra ar an gceist thuas, tabhair tuairisc ar na cuspóirí. Tabhair tuairisc ar an gcaoi ar rannchuidigh na hinfheistíochtaí inbhuanaithe leis an gcuspóir infheistíochta inbhuanaithe. I gcás na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852, liostaigh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán sin lenar rannchuidigh an infheistíocht inbhuanaithe is bonn leis an táirge airgeadais]*

Tá **drochthionchair phríomha** ar na tionchair dhiúltacha is mó atá ag cinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta a bhaineann le hábhair chomhshaoil, shóisialta agus fostaithe, urraim do chearta an duine, ábhair frithéillithe agus frithbhreabaireachta.

***Cén chaoi nach ndearnadh dochar suntasach leis na hinfheistíochtaí inbhuanaithe a rinne an táirge airgeadais go páirteach d'aon chuspóir infheistíochta inbhuanaithe comhshaoil nó d'aon chuspóir infheistíochta inbhuanaithe sóisialta?*** *[cuir san áireamh i gcás ina n-áirítear sa táirge airgeadais infheistíochtaí inbhuanaithe]*

*Conas a cuireadh san áireamh táscairí le haghaidh drochthionchar ar thosca inbhuanaitheachta?*

*An raibh infheistíochtaí inbhuanaithe ailínithe le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine? Mionsonraí:*

*[cuir isteach ráiteas maidir leis na táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852]*

*Le Tacsanomaíocht AE, leagtar amach prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a fhágann nár cheart d'infheistíochtaí atá ailínithe le Tacsanomaíocht dochar suntasach a dhéanamh do chuspóirí Thacsanomaíocht AE agus tá critéir shonracha an Aontais ag gabháil léi.*

Ní chuirtear an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' i bhfeidhm ach amháin i gcás na n-infheistíochtaí sin is bonn leis an táirge airgeadais lena gcuirtear san áireamh na critéir AE le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Ní chuirtear san áireamh leis na hinfheistíochtaí is bonn leis an gcuid eile den táirge airgeadais sin na critéir AE le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

*Ina theannta sin, níor cheart d'aon infheistíocht inbhuanaithe eile dochar suntasach a dhéanamh d'aon chuspóir comhshaoil nó sóisialta.*

**Cén chaoi ar bhreithnigh an táirge airgeadais seo drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta?** *[cuir isteach roinn má bhreithnigh an táirge airgeadais drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta]*

**Cérbh iad barrinfheistíochtaí an táirge airgeadais seo?**

Áirítear sa liosta na hinfheistíochtaí arb iad **an cion is mó d'infheistíochtaí** an táirge airgeadais le linn na tréimhse tagartha, arb é atá ann: [líon isteach]


| Na hinfheistíochtaí is mó | Earnáil | % Sócmhainní | Tír |
| --- | --- | --- | --- |
| | | | |

**Cérbh é cion na n- infheistíochtaí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht?**

Le **leithdháileadh sócmhainní**, tugtar tuairisc ar sciar na n-infheistíochtaí i sócmhainní sonracha.

- ***Cérbh é an leithdháileadh sócmhainní?***

*[Ná cuir ach boscaí ábhartha san áireamh, bain na cinn neamhábhartha le haghaidh an táirge airgeadais]*




**Le #1 Ailínithe le saintréithe C/S**, áirítear infheistíochtaí an táirge airgeadais a úsáidtear chun na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn a bhaint amach.

Le **#2 Eile**, áirítear na hinfheistíochtaí atá fágtha den táirge airgeadais nach bhfuil ailínithe le saintréithe comhshaoil ná sóisialta, ná nach bhfuil cáilithe mar infheistíochtaí inbhuanaithe.

*[cuir isteach an nóta thíos i gcás ina ndearna an táirge airgeadais infheistíochtaí inbhuanaithe]*
Leis an gcatagóir **#1 Ailínithe le saintréithe C/S**, cumhdaítear:
Leis an bhfochatagóir **#1A Inbhuanaithe**, cumhdaítear infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de.

Leis an bhfochatagóir **#1B Saintréithe C/S Eile**, cumhdaítear infheistíochtaí atá ailínithe leis na saintréithe comhshaoil nó sóisialta nach gcáilíonn mar infheistíochtaí inbhuanaithe.

*[ná cuir isteach nóta ach amháin le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852]*
Chun Tacsanomaíocht AE a chomhlíonadh, áirítear leis na critéir maidir le **gás iontaise** teorainneacha ar astaíochtaí agus aistriú chuig cumhacht atá go hiomlán in-athnuaite nó breoslaí ísealcharbóin faoi dheireadh 2035. Maidir le **fuinneamh núicléach**, áirítear leis na critéir rialacha cuimsitheacha sábháilteachta agus bainistithe dramhaíola.

Le **gníomhaíochtaí cumasúcháin**, cuirtear ar a gcumas go díreach do ghníomhaíochtaí eile rannchuidiú substaintiúil a dhéanamh le cuspóir comhshaoil.

Is gníomhaíochtaí iad **gníomhaíochtaí idirthréimhseacha** nach bhfuil roghanna malartacha ísealcharbóin ar fáil ina leith fós agus, i measc nithe eile, a bhfuil leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa acu a chomhfhreagraíonn don fheidhmíocht is fearr.

- ***Cé na hearnálacha eacnamaíocha ina ndearnadh na hinfheistíochtaí?*** *[cuir isteach faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán seo]*

**Cá mhéad a bhí na hinfheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil ailínithe le Tacsanomaíocht AE?** *[cuir isteach roinn le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852 agus cuir isteach faisnéis i gcomhréir le hAirteagal 51 den Rialachán seo]*

- **Ar infheistigh an táirge airgeadais i ngníomhaíochtaí a bhaineann le gás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach a chomhlíon Tacsanomaíocht AE[1]?**

☐ D'infheistigh: *[sonraigh thíos, agus tabhair sonraí i ngraif an bhosca]*

☐ I ngás ☐ iontaise I bhfuinneamh núicléach

☐ Níor infheistigh

[1]Gníomhaíochtaí a bhaineann le gás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach, ní chomhlíonfaidh siad Tacsanomaíocht AE ach amháin i gcás ina rannchuidíonn siad leis an athrú aeráide a theorannú ('maolú ar an athrú aeráide') agus nach ndéanann siad dochar suntasach d'aon chuspóir de chuid Thacsanomaíocht AE - féach an nóta míniúcháin ar an imeall ar chlé. Leagtar síos na critéir iomlána le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha gáis iontaise agus fuinnimh núicléach a chomhlíonann Tacsanomaíocht AE i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún.


*[cuir isteach nóta haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852]*
Sloinntear gníomhaíochtaí atá ailínithe le tacsanomaíocht mar sciar de na nithe seo a leanas:
- **láimhdeachas** lena léirítear an sciar ioncaim ó ghníomhaíochtaí glasa cuideachtaí infheistiúcháin.
- **caiteachas caipitiúil** (CapEx) lena dtaispeántar na hinfheistíochtaí glasa arna ndéanamh ag cuideachtaí infheistiúcháin, e.g. le haghaidh aistriú chuig geilleagar glas.
- **caiteachas oibríochtúil** (OpEx) lena léirítear gníomhaíochtaí oibríochtúla glasa cuideachtaí infheistiúcháin.


*[cuir isteach nóta le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852 lena n-infheistítear i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha comhshaoil nach gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de]*

infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil **nach gcuireann san áireamh na critéir** maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Rialachán (AE) 2020/852.

***Léirítear i ndath glas sna graif thíos céatadán na n-infheistíochtaí a bhí ailínithe le Tacsanomaíocht AE. Ós rud é nach bhfuil aon mhodheolaíocht iomchuí ann chun ailíniú tacsanomaíochta na mbannaí ceannasacha* a chinneadh, léirítear sa chéad ghraf an t-ailíniú tacsanomaíochta i ndáil le hinfheistíochtaí uile an táirge airgeadais lena n-áirítear bannaí ceannasacha, agus sa dara graf ní léirítear an t-ailíniú tacsanomaíochta ach amháin i ndáil le hinfheistíochtaí an táirge airgeadais nach bannaí ceannasacha iad.***

***[cuir isteach faisnéis maidir le gás iontaise agus fuinneamh núicléach atá ailínithe le Tacsanomaíocht agus an téacs míniúcháin san imeall ar chlé ar an leathanach roimhe sin ach amháin má infheistigh an táirge airgeadais i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha gáis iontaise agus/nó fuinnimh núicléach atá ailínithe le Tacsanomaíocht le linn na tréimhse tagartha]***




**** Chun críoch na ngraf seo, is éard atá sna 'bannaí ceannasacha' gach neamhchosaint cheannasach.***

- ***Cérbh é sciar na n-infheistíochtaí a rinneadh i ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha agus i ngníomhaíochtaí cumasúcháin?*** *[cuir isteach miondealú ar chion na n-infheistíochtaí le linn na tréimhse tagartha]*

- ***Cén chomparáid atá ann idir céatadán na n-infheistíochtaí a bhí ailínithe le Tacsanomaíocht AE agus na tréimhsí tagartha roimhe seo?*** *[cuir san áireamh i gcás inar soláthraíodh ar a laghad tuarascáil thréimhsiúil amháin roimhe seo]*

**Cérbh é sciar na n-infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil nach bhfuil ailínithe le Tacsanomaíocht AE?** *[ná cuir isteach roinn ach amháin le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 6, an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2020/852 i gcás inar áiríodh sa táirge airgeadais infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil a d'infheistigh i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus mínigh an fáth ar infheistigh an táirge airgeadais i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach raibh ailínithe le Tacsanomaíocht]*

**Cérbh é sciar na n-infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí de?** *[ná cuir isteach ach amháin i gcás inar áiríodh sa táirge airgeadais infheistíochtaí inbhuanaithe a raibh cuspóir sóisialta acu]*

**Cérbh iad na hinfheistíochtaí a áiríodh faoi 'eile', cén cuspóir a bhí leo agus an raibh aon choimirce chomhshaoil nó shóisialta íosta ann?**

**Cad iad na gníomhaíochtaí a rinneadh chun na saintréithe comhshaoil agus/nó sóisialta a chomhlíonadh le linn na tréimhse tagartha?** *[liostaigh na gníomhaíochtaí a rinneadh laistigh den tréimhse a cumhdaíodh leis an tuarascáil thréimhsiúil chun na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a cuireadh chun cinn leis an táirge airgeadais a chomhlíonadh, lena n-áirítear rannpháirtíocht scairshealbhóirí dá dtagraítear in Airteagal 3g de Threoir 2007/36/CE agus aon rannpháirtíocht eile a bhaineann leis na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn]*

**Cén chaoi ar fheidhmigh an táirge airgeadais seo i gcomparáid leis an tagarmharc?** *[cuir isteach roinn i gcás inar ainmníodh innéacs mar thagarmharc chun na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn a chomhlíonadh agus cuir in iúl an áit ar féidir teacht ar an modheolaíocht a úsáidtear chun an t-innéacs ainmnithe a ríomh]*

*[cuir isteach nóta le haghaidh táirgí airgeadais i gcás inar ainmníodh innéacs mar thagarmharc chun na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann an táirge airgeadais chun cinn a chomhlíonadh]*
Is innéacsanna iad **tagarmharcanna** chun tomhas a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an táirge airgeadais na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuireann sé chun cinn.

- ***Conas atá an tagarmharc éagsúil le hinnéacs leathan margaidh?***
- ***Cén chaoi ar fheidhmigh an táirge airgeadais seo maidir leis na táscairí inbhuanaitheachta chun ailíniú an tagarmhairc leis na saintréithe comhshaoil nó sóisialta a chuirtear chun cinn a chinneadh?***
- ***Cén chaoi ar fheidhmigh an táirge airgeadais seo i gcomparáid leis an tagarmharc?***
- ***Cén chaoi ar fheidhmigh an táirge airgeadais seo i gcomparáid leis an innéacs leathan margaidh?***"

*IARSCRÍBHINN IV*

*"IARSCRÍBHINN V*

**Teimpléad don nochtadh tréimhsiúil le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 9, míreanna 1 go 4a, de Rialachán (AE) 2019/2088 agus in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852**

Ciallaíonn **infheistíocht inbhuanaithe** infheistíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil nó sóisialta, ar choinníoll nach ndéanann an infheistíocht dochar suntasach d'aon chuspóir comhshaoil ná sóisialta agus go leanann na cuideachtaí infheistiúcháin dea-chleachtais rialachais.

Is córas aicmithe é **Tacsanomaíocht AE** a leagtar síos i Rialachán (AE) 2020/852, lena mbunaítear liosta **gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de**. Ní áirítear sa Rialachán sin liosta gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí de. D'fhéadfadh infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil a bheith ailínithe leis an Tacsanomaíocht, nó gan bheith ailínithe léi.

**Ainm an táirge:** [líon isteach] **Aitheantóir an eintitis dhlítheanaigh:** [líon isteach]

# Cuspóir infheistíochta inbhuanaithe

**An raibh cuspóir infheistíochta inbhuanaithe ag an táirge airgeadais seo?** *[ticeáil agus líon isteach de réir mar is ábhartha, is é atá san fhigiúr céatadáin an gealltanas íosta maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe]*

| ☒ **Bhí** | ☐ **Ní raibh** |
|---|---|
| ☐ Rinne sé **infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil:** ___% | ☐ Chuir sé **saintréithe Comhshaoil/Sóisialta (C/S) chun cinn** agus cé nach raibh infheistíocht inbhuanaithe ina chuspóir aige, bhí cion ___% infheistíochtaí inbhuanaithe aige |
| ☐ i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE | ☐ ag a bhfuil cuspóir comhshaoil i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE |
| ☐ i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gcáilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE | ☐ ag a bhfuil cuspóir comhshaoil i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gcáilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE |
| | ☐ ag a bhfuil cuspóir sóisialta |
| ☐ Rinne sé **infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir sóisialta:** ___% | ☐ Chuir sé saintréithe C/S chun cinn, ach **ní dhearna sé aon infheistíocht inbhuanaithe** |



**Cá mhéad a comhlíonadh cuspóir infheistíochta inbhuanaithe an táirge airgeadais seo?** *[liostaigh cuspóir infheistíochta inbhuanaithe an táirge airgeadais seo, agus tabhair tuairisc ar an gcaoi ar rannchuidigh na hinfheistíochtaí inbhuanaithe leis an gcuspóir infheistíochta inbhuanaithe. I gcás na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852, i leith infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóirí comhshaoil, léirigh na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852 lenar rannchuidigh an infheistíocht inbhuanaithe is bonn leis an táirge airgeadais. Maidir leis na táirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2019/2088, cuir in iúl an chaoi a raibh an cuspóir i dtaca le hastaíochtaí carbóin a laghdú ailínithe le Comhaontú Pháras]*

Le **táscairí inbhuanaitheachta**, tomhaistear an chaoi a gcomhlíontar cuspóirí inbhuanaithe an táirge airgeadais seo.

***Cén chaoi ar fheidhmigh na táscairí inbhuanaitheachta?***

***…agus i gcomparáid le tréimhsí roimhe sin?*** *[cuir san áireamh le haghaidh táirgí airgeadais i gcás inar soláthraíodh ar a laghad tuarascáil thréimhsiúil amháin roimhe seo]*

***Cén chaoi nach ndearna na hinfheistíochtaí inbhuanaithe dochar suntasach d'aon chuspóir infheistíochta inbhuanaithe?***

*Conas a cuireadh san áireamh táscairí le haghaidh drochthionchar ar thosca inbhuanaitheachta?*

*An raibh infheistíochtaí inbhuanaithe ailínithe le Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine? Mionsonraí:*

Tá **drochthionchair phríomha** ar na tionchair dhiúltacha is mó atá ag cinntí infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta a bhaineann le hábhair chomhshaoil, shóisialta agus fostaithe, urraim do chearta an duine, ábhair frithéillithe agus frithbhreabaireachta.

**Cén chaoi ar bhreithnigh an táirge airgeadais seo drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta?** *[cuir isteach roinn má bhreithnigh an táirge airgeadais drochthionchair phríomha ar thosca inbhuanaitheachta]*

**Cérbh iad barrinfheistíochtaí an táirge airgeadais seo?**

| Na hinfheistíochtaí is mó | Earnáil | % Sócmhainní | Tír |
|---|---|---|---|
| | | | |


Áirítear sa liosta na hinfheistíochtaí arb iad **an cion is mó d'infheistíochtaí** an táirge airgeadais le linn na tréimhse tagartha, arb é atá ann: *[líon isteach]*

Le **leithdháileadh sócmhainní**, tugtar tuairisc ar sciar na n-infheistíochtaí i sócmhainní sonracha.

## Cérbh é cion na n- infheistíochtaí a bhaineann leis an inbhuanaitheacht?

### *Cérbh é an leithdháileadh sócmhainní?*

*[Ná cuir ach boscaí ábhartha san áireamh, bain na cinn neamhábhartha le haghaidh an táirge airgeadais]*




Le **#1 Inbhuanaithe**, cumhdaítear infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóirí comhshaoil nó sóisialta.
Le **#2 Neamh-inbhuanaithe**, áirítear infheistíochtaí nach gcáilíonn mar infheistíochtaí inbhuanaithe.

*[cuir isteach nóta le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852.*

Chun Tacsanomaíocht AE a chomhlíonadh, áirítear leis na critéir maidir le **gás iontaise** teorainneacha ar astaíochtaí agus aistriú chuig cumhacht atá go hiomlán in-athnuaite nó breoslaí ísealcharbóin faoi dheireadh 2035. Maidir le **fuinneamh núicléach**, áirítear leis na critéir rialacha cuimsitheacha sábháilteachta agus bainistithe dramhaíola.

Le **gníomhaíochtaí cumasúcháin**, cuirtear ar a gcumas go díreach do ghníomhaíochtaí eile rannchuidiú substaintiúil a dhéanamh le cuspóir comhshaoil

**Is gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad gníomhaíochtaí idirthréimhseacha** nach bhfuil roghanna malartacha ísealcharbóin ar fáil ina leith go fóill agus a bhfuil leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa acu a fhreagraíonn don fheidhmíocht is fearr.

### ***Cé na hearnálacha eacnamaíocha ina ndearnadh na hinfheistíochtaí?*** *[cuir isteach faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 61(c) den Rialachán seo]*

## Cá mhéad a bhí infheistíochtaí inbhuanaithe a bhfuil cuspóir comhshaoil acu ailínithe le Tacsanomaíocht AE? *[cuir isteach roinn le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852 agus cuir isteach faisnéis i gcomhréir le hAirteagal 62 den Rialachán seo.]*

### Ar infheistigh an táirge airgeadais i ngníomhaíochtaí a bhaineann le gás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach a chomhlíon Tacsanomaíocht AE[1]?

☐ D'infheistigh: *[sonraigh thíos, agus tabhair sonraí i ngraif an bhosca]*

☐ I ngás ☐ iontaise I bhfuinneamh núicléach

☐ Níor infheistigh

[1]Gníomhaíochtaí a bhaineann le gás iontaise agus/nó fuinneamh núicléach, ní chomhlíonfaidh siad Tacsanomaíocht AE ach amháin i gcás ina rannchuidíonn siad leis an athrú aeráide a theorannú ('maolú ar an athrú aeráide') agus nach ndéanann siad dochar suntasach d'aon chuspóir de chuid Thacsanomaíocht AE - féach an nóta míniúcháin ar an imeall ar chlé. Leagtar síos na critéir iomlána le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha gáis iontaise agus fuinnimh núicléach a chomhlíonann Tacsanomaíocht AE i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún.

*[ná cuir isteach nóta ach amháin le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852*

Sloinntear gníomhaíochtaí atá ailínithe le tacsanomaíocht mar sciar de na nithe seo a leanas:


- **láimhdeachas** lena léirítear an sciar ioncaim ó ghníomhaíochtaí glasa cuideachtaí infheistiúcháin
- **caiteachas caipitiúil** (CapEx) lena dtaispeántar na hinfheistíochtaí glasa arna ndéanamh ag cuideachtaí infheistiúcháin, e.g. le haghaidh aistriú chuig geilleagar glas.
- **caiteachas oibríochtúil** (OpEx) lena léirítear gníomhaíochtaí oibríochtúla glasa cuideachtaí infheistiúcháin.


*[cuir isteach nóta le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852 lena n-infheistítear i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha comhshaoil nach gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de]*

infheistíochtaí inbhuanaithe a bhfuil cuspóir comhshaoil acu agus **nach gcuireann san áireamh na critéir** maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Thacsanomaíocht AE.

***Léirítear i ndath glas sna graif thíos céatadán na n-infheistíochtaí a bhí ailínithe le Tacsanomaíocht AE. Ós rud é nach bhfuil aon mhodheolaíocht iomchuí ann chun ailíniú tacsanomaíochta na mbannaí ceannasacha* a chinneadh, léirítear sa chéad ghraf an t-ailíniú tacsanomaíochta i ndáil le hinfheistíochtaí uile an táirge airgeadais lena n-áirítear bannaí ceannasacha, agus sa dara graf ní léirítear an t-ailíniú tacsanomaíochta ach amháin i ndáil le hinfheistíochtaí an táirge airgeadais nach bannaí ceannasacha iad.***

***[cuir isteach faisnéis maidir le gás iontaise agus fuinneamh núicléach atá ailínithe le Tacsanomaíocht agus an téacs míniúcháin san imeall ar chlé ar an leathanach roimhe sin ach amháin má infheistigh an táirge airgeadais i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha gáis iontaise agus/nó fuinnimh núicléach atá ailínithe le Tacsanomaíocht le linn na tréimhse tagartha]***




**** Chun críoch na ngraf seo, is éard atá sna 'bannaí ceannasacha' gach neamhchosaint cheannasach.***

***Cérbh é sciar na n-infheistíochtaí a rinneadh i ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha agus i ngníomhaíochtaí cumasúcháin?*** *[cuir isteach miondealú ar chion na n-infheistíochtaí le linn na tréimhse tagartha]*

***Cén chomparáid atá ann idir céatadán na n-infheistíochtaí a bhí ailínithe le Tacsanomaíocht AE agus na tréimhsí tagartha roimhe seo?*** *[cuir san áireamh i gcás inar soláthraíodh ar a laghad tuarascáil thréimhsiúil amháin roimhe seo]*

**Cérbh é sciar na n-infheistíochtaí inbhuanaithe ag a bhfuil cuspóir comhshaoil nach raibh ailínithe le Tacsanomaíocht AE?** *[ná cuir isteach ach amháin le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5, an chéad mhír, de Rialachán (AE) 2020/852 i gcás inar áiríodh sa táirge airgeadais infheistíochtaí a bhfuil cuspóir comhshaoil acu lena ndearnadh infheistíocht i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach gníomhaíochtaí eacnamaíocha iad atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus mínigh cén fáth a ndearna an táirge airgeadais infheistíocht i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach raibh ailínithe le tacsanomaíocht]*

**Cérbh é sciar na n-infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí de?** *[ná cuir isteach ach amháin i gcás ina n-áirítear sa táirge airgeadais infheistíochtaí inbhuanaithe a bhfuil cuspóir sóisialta acu]*

**Cad iad na hinfheistíochtaí a áiríodh faoi 'neamh-inbhuanaithe', cad é ba chuspóir dóibh agus an raibh ann d'aon choimirce chomhshaoil nó shóisialta íosta?**

**Cad iad na gníomhaíochtaí a rinneadh chun cuspóir na hinfheistíochta inbhuanaithe a chomhlíonadh le linn na tréimhse tagartha?** *[liostaigh na gníomhaíochtaí a rinneadh laistigh den tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil thréimhsiúil chun cuspóir infheistíochta inbhuanaithe an táirge airgeadais a chomhlíonadh, lena n-áirítear rannpháirtíocht scairshealbhóirí dá dtagraítear in Airteagal 3g de Threoir 2007/36/CE agus aon rannpháirtíocht eile a bhaineann leis an gcuspóir infheistíochta inbhuanaithe]*

**Cén chaoi ar fheidhmigh an táirge airgeadais seo i gcomparáid leis an tagarmharc inbhuanaithe?** *[ná cuir isteach roinn ach amháin le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2088 agus cuir in iúl an áit ar féidir teacht ar an modheolaíocht a úsáidtear chun an t-innéacs ainmnithe a ríomh]*

- *Conas a bhí an tagarmharc éagsúil le hinnéacs leathan margaidh?*

*[cuir isteach nóta le haghaidh na dtáirgí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2019/2088]*
Is innéacsanna iad **tagarmharcanna** chun tomhas a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an táirge airgeadais an cuspóir inbhuanaithe.

- *Cén chaoi ar fheidhmigh an táirge airgeadais seo maidir leis na táscairí inbhuanaitheachta chun ailíniú an tagarmhairc leis an gcuspóir infheistíochta inbhuanaithe a chinneadh?*

- *Cén chaoi ar fheidhmigh an táirge airgeadais seo i gcomparáid leis an tagarmharc?*

- *Cén chaoi ar fheidhmigh an táirge airgeadais seo i gcomparáid leis an innéacs leathan margaidh?*"

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/364 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16 Feabhra 2023**

**lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "IPA Family 1" i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 44(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Meitheamh 2016, chuir Ecolab Deutschland GmbH iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht"), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (CE) Uimh. 528/2012, ar údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar "IPA Family 1" de chineálacha táirgí 2 agus 4, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na hÍsiltíre meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Taifeadadh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-HN024859-20 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is é própán-2-ól an tsubstaint ghníomhach atá in"IPA Family 1", substaint a chuimsítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i ndáil le cineálacha táirge 2 agus 4.

(3) An 25 Lúnasa 2021, rinne an t-údarás inniúil meastóireachta tuarascáil ar an measúnú agus conclúidí a mheastóireachta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) An 23 Márta 2022, chuir an Ghníomhaireacht a tuairim faoi bhráid an Choimisiúin ([2]) i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, sin agus an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh ("SPC") atá ag "IPA Family 1", maille leis an tuarascáil dheireanach ar mheasúnú i ndáil leis an bhfine táirgí bithicídeacha.

(5) Is é conclúid na tuairime sin gur "fine táirgí bithicídeacha" atá in "IPA Family 1" de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin, agus faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go sásaíonn sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin.

(6) An 12 Aibreán 2022, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh "IPA Family 1" a dheonú.

(8) Sa tuairim ón nGníomhaireacht, molann sí go ndéanfaidh sealbhóir an údaraithe tástáil um chobhsaíocht stórála comhthimpeallaí fadtéarmaí ar "Klercide 70/30 IPA Aerosol" mheitea-SPC 1.3 sa phacáistiú tráchtála ina gcuirfear an táirge ar fáil ar an margadh, mar choinníoll san údarú. Ba cheart aghaidh a thabhairt sa tástáil ar airíonna ábhartha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla an táirge sin roimh an stóráil agus ina diaidh, chun seilfré 24 mhí a dheimhniú. Ba cheart do shealbhóir an údaraithe faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas a chuimsiú sa tuarascáil tástála – cobhsaíocht an phacáistithe, na saintréithe sprae agus an brú inmheánach roimh stóráil agus ina diaidh.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) ECHA opinion of 1 March 2022 on the Union authorisation of "IPA Family 1" [Tuairim ó ECHA an 1 Márta 2022 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh "IPA Family 1"] (ECHA/BPC/316/2021), https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation.

Aontaíonn an Coimisiún leis an moladh sin agus measann sé gur cheart cur isteach thorthaí na tástála sin a bheith ina choinníoll maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha "IPA Family 1" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid de bhun Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sonraí a bheith le soláthar tar éis dheonú an údaraithe, measann an Coimisiún gur rud é sin nach ndéanann difear don chonclúid maidir le comhlíonadh an choinníll faoi Airteagal 19(1), pointe (d), den Rialachán sin ar bhonn na sonraí atá ann cheana.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, deonaítear údarú Aontais darb uimhir údaraithe EU-0028425-0000 do Ecolab Deutschland GmbH maidir leis bhfine táirgí bithicídeacha "IPA Family 1" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Tá údarú an Aontais bailí ón 9 Márta 2023 go 28 Feabhra 2033.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA (EU-0028425-0000)**

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Breathnaigh ar an bhfaisnéis shonrach do meta-SPC 4

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

***Táirge***

Nuair is féidir, is fearr athchúrsáil ná diúscairt nó dó. Mura bhfuil athchúrsáil indéanta, diúscair é i gcomhréir le rialacháin áitiúla. Diúscair dramhaíl i ngléasra diúscartha dramhaíl faofa.

***Pacáistiú truaillithe***

Diúscair aon táirge nár úsáideadh. Ba chóir coimeádáin fholmha a thógáil go dtí suíomh oiriúnach um láimhseáil dramhaíl i gcomhair athchúrsála nó diúscartha. Ná athúsáid coimeádáin fholmha. Diúscair i gcomhréir le rialacháin áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta.

***Iarmhar táirge***

Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpíopaí (doirteal, leithris…) ná síos sna draein.

Faigh réidh le táirge nach n-úsáidtear, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil amach ó sholas díreach na gréine agus ar theocht idir 0 °C is 25 °C

Seilfré: 24 mí

6. FAISNÉIS EILE

Bileog sonraí sábháilteachta agus teicniúla ar fáil d'úsáideoirí ghairmiúla ar iarratas.

Úsáideadh AEL géar/meántéarma/fadtéarma 17,9 mg/kg meáchan coirp (bw)/lá d'oibrithe gairmiúla agus AEL géar/meántéarma/fadtéarma 10,7 mg/kg bw/lá a úsáideadh sa mheasúnú ar rioscaí sa Tuarascáil Measúnaithe Própán-2-ol in PT2 - An Ghearmáin, (Eanáir 2015).

([4]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 4.

7. An tríú leibhéal faisnéise: táirgí aonair i meta SPC 4

## 7.1. Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair

| Trádainm (nó trádainmneacha) | Eco-Bac Wipes | | Réimse margaidh: EU | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Uimhir an údaraithe | EU-0028425-0004 1-4 | | | | |
| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) |
| Propan-2-ol | | Substaint Ghníomhach | 67-63-0 | 200-661-7 | 30,3 |

**Meta SPC 5**

1. Faisnéis riaracháin Meta SPC 5

## 1.1. Aitheantóir Meta SPC 5

| | |
|---|---|
| Aitheantóir | Meta-SPC 1.5 |

## 1.2. Iarmhír na huimhreach údaraithe

| | |
|---|---|
| Uimhir | 1-5 |

## 1.3. Cineál nó cineálacha táirge

| | |
|---|---|
| Cineál nó cineálacha táirge | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)<br>PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin) |

2. Comhdhéanamh Meta SPC 5

## 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 5

| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Íosta | Uasta |
| Propan-2-ol | | Substaint Ghníomhach | 67-63-0 | 200-661-7 | 30,3 | 30,3 |

## 2.2. Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 5

| | |
|---|---|
| Foirmliú (nó foirmlithe) | AL - Aon leacht eile |

3. Ráitis ghuaise agus réamhchúraim meta SPC 5

| | |
|---|---|
| Ráitis ghuaise | Leacht agus gal inlasta.<br>Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.<br>D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán.<br>D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn. |
| Ráitis réamhchúraim | Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac.<br>Caith súilchosaint.<br>Caith aghaidhchosaint. |

4. Úsáid/úsáidí údaraithe meta SPC 5

4.1. **Tuairisc úsáide**

**Tábla 5. Úsáid # 1 – Úsáid # 5.1 – Díghalrú dromchlaí teagmhála neamh-bhia agus bia le sprae truicir**

| | |
|---|---|
| An cineál táirge | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)<br>PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin) |
| Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe | - |
| Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha) | Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil<br><br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil |
| Réimse (nó réimsí) úsáide | Faoi dhíon<br>Díghalrú dromchlaí neamh-phóiriúla crua teagmhála neamh-bhia agus teagmhála bia i: Cistineacha tráchtála, Lónadóireacht, Próiseáil bhia agus Miondíol Bia, Ceaintín, Seomraí leithris agus Seomraí Scíthe in óstáin, bialanna, siopaí, scoileanna, oifigí. |
| Modh (nó modhanna) úsáide | Airí modha: Spraeáil truicir<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>Forchur díreach ar dhromchlaí crua neamh-phóiriúil le spraeáil truicir. |
| Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe | Airí úsáide: c.a. 18 mL/m$^2$ ag teocht an tseomra<br>Airí caolaithe: 0<br><br>Airí uainithe:<br>De réir riachtanach |
| Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí | Gairmiúil |
| Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta | Coimeádán 0,5 lítear – 10 lítear HDPE (le sprae truicir) |

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Le linn forchurtha le spraeáil truicir: Oscail an buinne roimh úsáid. I gcomhair torthaí optamacha, coinnigh an buidéal agus forchuir ó achar 10 cm go 20 cm. Cinntigh na dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán (uas 18 mL/m$^2$, coibhéiseach le 29 stróc/m$^2$). Fan ar feadh 30 soicind go dtí go n-oibrítear i gcoinne baictéir agus giosta. Dún an buinne i gcónaí i ndiaidh úsáide.

Ná measc an táirge le táirgí eile. Ná doirt aon táirge neamhúsáidte ar ais ar an mbunchoimeádán.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Seachain teagmháil le súile.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

***Éifeachtaí Féideartha Sláinte***

**Na Súile** – Ina chúis le greannú tromchúiseach don tsúil.

**An Craiceann** - Níl gortuithe sláinte ar bith ar eolas nó níltear ag súil go dtarlóidh siad faoi ghnáthúsáid.

**Ionghabháil** - Níl gortuithe sláinte ar bith ar eolas nó níltear ag súil go dtarlóidh siad faoi ghnáthúsáid.

**Ionanálú** - D'fhéadfadh ionanálú éifeachtaí a chur ar lárchóras na néaróg.

**Nochtadh Ainsealach** - Níl gortuithe sláinte ar bith ar eolas nó níltear ag súil go dtarlóidh siad faoi ghnáthúsáid.

***Bearta Garchabhracha***

**I GCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE**: Sruthlaigh le huisce. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 5 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

**I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN:** Bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh craiceann agus uisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

**MÁ SHLOGTAR**: Sruthlaítear an béal. Give something to drink, if exposed person is able to swallow. Do NOT induce vomiting. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

**MÁ IONANÁLAÍTEAR**: Bog go haer úr agus coinnigh ar do shuaimhneas in áit compordach don análú. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide (5.4).

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide (5.5).

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([5]) MAIDIR LE META SPC 5

5.1. **Treoracha úsáide**

Breathnaigh ar na treoracha sonracha d'úsáid meta-SPC 5

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Féach freisin na bearta maolaithe riosca do meta-SPC 5

([5]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 5.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

Breathnaigh ar an bhfaisnéis shonrach do meta-SPC 5

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

***Táirge***

Nuair is féidir, is fearr athchúrsáil ná diúscairt nó dó. Mura bhfuil athchúrsáil indéanta, diúscair é i gcomhréir le rialacháin áitiúla. Diúscair dramhaíl i ngléasra diúscartha dramhaíl faofa.

***Pacáistiú truaillithe***

Diúscair aon táirge nár úsáideadh. Ba chóir coimeádáin fholmha a thógáil go dtí suíomh oiriúnach um láimhseáil dramhaíl i gcomhair athchúrsála nó diúscartha. Ná athúsáid coimeádáin fholmha. Diúscair i gcomhréir le rialacháin áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta.

***Iarmhar táirge***

Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpíopaí (doirteal, leithris...) ná síos sna draein.

Faigh réidh le táirge nach n-úsáidtear, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Stóráil amach ó sholas díreach na gréine agus ar theocht idir 0 °C is 25 °C

Seilfré: 24 mí

6. FAISNÉIS EILE

Bileog sonraí sábháilteachta agus teicniúla ar fáil d'úsáideoirí ghairmiúla ar iarratas.

Úsáideadh AEL géar/meántéarma/fadtéarma 17,9 mg/kg meáchan coirp (bw)/lá d'oibrithe gairmiúla agus SAEL géar/meántéarma/fadtéarma 10,7 mg/kg bw/lá a úsáideadh sa mheasúnú ar rioscaí sa Tuarascáil Measúnaithe Própán-2-ol in PT2 - An Ghearmáin, (Eanáir 2015).

7. An tríú leibhéal faisnéise: táirgí aonair i meta SPC 5

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Trádainm (nó trádainmneacha) | Sirafan Speed-FR | | Réimse margaidh: EU | | |
| Uimhir an údaraithe | EU-0028425-0005 1-5 | | | | |
| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) |
| Propan-2-ol | | Substaint Ghníomhach | 67-63-0 | 200-661-7 | 30,3 |

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/365 ÓN gCOIMISIÚN

## an 16 Feabhra 2023

## lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú athbhreithniúcháin éaga a bhaineann le hallmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile iad de thionscnamh na hÚcráine

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 9(1) agus Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. **NÓS IMEACHTA**

#### 1.1. **Tionscnamh**

(1) Tar éis iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) de bhun-Rialachán chinn an Coimisiún imscrúdú athbhreithniúcháin éaga a thionscnamh maidir leis na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile iad de thionscnamh Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle ("an Bhrasaíl"), Phoblacht Ioslamach na hIaráine ("an Iaráin"), Chónaidhm na Rúise ("an Rúis") agus na hÚcráine ("na tíortha lena mbaineann"). D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 5 Deireadh Fómhair 2022 ("an Fógra Tionscnaimh") ([2]).

(2) An 4 Iúil 2022 chuir EUROFER, Comhlachas Eorpach na Cruach, ("an t-iarratasóir") an iarraidh ar an athbhreithniú isteach thar ceann thionscal an Aontais a dhéanann táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile iad, de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

(3) Bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh gur dócha go ndéanfaí dumpáil arís agus go leanfaí den dumpáil agus go ndéanfaí díobháil arís do thionscal an Aontais, de thoradh dhul in éag na mbeart.

#### 1.2. **Páirtithe leasmhara**

(4) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun a bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, táirgeoirí agus comhlachais aitheanta de chuid an Aontais, agus údaráis na dtíortha lena mbaineann ar an eolas go sonrach maidir le tionscnamh an athbhreithnithe, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

### 2. **AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ**

(5) Is éard atá sa táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile iad, bíodh iad i gcornaí nó ná bíodh (lena n-áirítear táirgí "gearrtha san fhad iomchuí" agus "stiallacha cúnga") gan oibriú breise déanta orthu seachas a bheith teorollta, gan a bheith cumhdaithe, plátáilte ná brataithe (an "táirge faoi athbhreithniú").

Ní chumhdaítear na táirgí seo a leanas leis an athbhreithniú seo:

(i) táirgí cruach dosmálta agus cruach leictreach sileacain dírithe ar ghráinní,

(ii) táirgí cruach uirlise agus cruach ardluais,

(iii) táirgí, nach bhfuil i gcornaí, gan patrúin rilífe, ar mó ná 10 mm a dtiús agus ar 600 mm nó níos mó a leithead, agus

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) IO C 384, 5.10.2022, lch. 3.

(iv) táirgí, nach bhfuil i gcornaí, gan patrúin rilífe, atá 4,75 mm nó níos mó ach nach mó ná 10 mm ar tiús agus atá 2 050 mm nó níos mó ar leithead.

An táirge atá faoi athbhreithniú, is faoi na cóid CN 7208 10 00, 7208 25 00, 7208 26 00, 7208 27 00, 7208 36 00, 7208 37 00, 7208 38 00, 7208 39 00, 7208 40 00, 7208 52 10, 7208 52 99, 7208 53 10, 7208 53 90, 7208 54 00, 7211 13 00, 7211 14 00, 7211 19 00, ex 7225 19 10 (cód TARIC 7225 19 10 90), 7225 30 90, ex 7225 40 60 (cód TARIC 7225 40 60 90), 7225 40 90, ex 7226 19 10 (cóid TARIC 7226 19 10 91, 7226 19 10 95), 7226 91 91 agus 7226 91 99 a thagann sé faoi láthair. Is ar mhaithe le faisnéis amháin a thugtar na cóid AC agus TARIC, gan dochar d'athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an aicmiú taraife amach anseo.

## 3. **TARRAINGT SIAR AN GHEARÁIN**

(6) An 23 Samhain 2022 tharraing an t-iarratasóir siar a iarraidh ar imscrúdú athbhreithniúcháin éaga a mhéid a bhaineann leis an Úcráin.

(7) Ina tharraingt siar mheas an t-iarratasóir, i bhfianaise na bhforbairtí ó cuireadh an iarraidh isteach (R1/2022) agus, go háirithe, ó tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga ina dhiaidh sin, mheas sé go bhfuil na himthosca maidir leis an Úcráin athraithe a mhéid nach iomchuí a thuilleadh athbhreithniú éaga a shaothrú i gcoinne allmhairí táirgí comhréidhe teorollta ón Úcráin. Go háirithe, thagair an t-iarratasóir do scriosadh cuid mhór acmhainneachtaí táirgí comhréidhe teorollta san Úcráin chomh maith le scriosadh bhonneagar fuinnimh na hÚcráine. Thug an t-iarratasóir dá aire freisin gur choinbhleacht mharthanach a bheadh sa choinbhleacht mhíleata, nó ar a laghad go mbeadh iarmhairtí marthanacha aici maidir leis an Úcráin. Ní shíltear, go háirithe, go bhfillfidh acmhainneachtaí cruach san Úcráin ar a ngnáthoibríochtaí sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma agus dá bharr sin ní dócha go mbeadh onnmhairí táirgí comhréidhe teorollta na hÚcráine in ann cur leis an díobháil a d'fhéadfadh a tharlú arís do thionscal an Aontais go luath.

## 4. **CONCLÚID AGUS NOCHTADH**

(8) I gcomhréir le hAirteagal 9(1) den bhun-Rialachán, féadfar an t-imscrúdú a fhoirceannadh, ach amháin mura mbeadh foirceannadh den sórt sin chun leas an Aontais.

(9) Níor tháinig aon chúinse chun cinn le linn an imscrúdaithe a léirigh nach mbeadh foirceannadh den sórt sin chun leas an Aontais.

(10) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur cheart imscrúdú an athbhreithnithe a fhoirceannadh a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón Úcráin. Leanfaidh an Coimisiún le himscrúdú an athbhreithnithe a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón mBrasaíl, ón Iaráin agus ón Rúis.

(11) Ós rud é nach bhfuil síneadh curtha leis na bearta a mhéid a bhaineann leis an Úcráin, déanfar aon dleacht a bailíodh ó dháta tionscnaimh an imscrúdaithe athbhreithniúcháin éaga ar earraí a ndearnadh imréiteach custaim orthu maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na hÚcráine, déanfar na dleachtanna sin a aisíoc ar choinníoll go n-iarrtar sin ar na húdaráis náisiúnta custaim agus go ndeonaíonn na húdaráis an méid sin i gcomhréir le reachtaíocht custaim an Aontais is infheidhme maidir le haisíocaíocht agus loghadh dleachtanna. Thug an Coimisiún dá aire, de bhun Rialachán (AE) 2022/870 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) nár cheart dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí de thionscnamh na hÚcráine ón 4 Meitheamh 2022 amach a bhailiú tráth ar bith. Dá bhrí sin, níl aon dleacht le haisíoc sa chás sin, mar roimh dháta thionscnamh an imscrúdaithe athbhreithniúcháin éaga, bhí bailiú na ndleachtanna frithdhumpála curtha ar fionraí cheana féin ag an Aontas Eorpach ar allmhairí na hÚcráine, lena n-áirítear ar tháirgí comhréidhe teorollta.

(12) An 21 Nollaig 2022 nocht an Coimisiún do na páirtithe leasmhara uile go raibh rún aige an t-imscrúdú athbhreithniúcháin éaga a fhoirceannadh a mhéid a bhaineann leis an Úcráin agus thug sé deis dóibh a mbarúlacha a chur isteach.

(13) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil as a dtiocfaí ar an gconclúid nach mbeadh an foirceannadh sin chun leas an Aontais.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bhunaítear le hAirteagal 15 (1) Rialachán (AE) 2016/1036.

([3]) Rialachán (AE) 2022/870 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le bearta um léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (IO L 152, 3.6.2022, lch. 103).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An t-imscrúdú athbhreithniúcháin éaga a mhéid a bhaineann sé le bearta frithdhumpála is infheidhme i ndáil le hallmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, ar táirgí iarainn, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na hÚcráine iad, rinneadh an t-imscrúdú sin a fhoirceannadh.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/366 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 16 Feabhra 2023**

**maidir le húdarú ullmhóide *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 mar bhreiseán beathaithe a athnuachan le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis seachas mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe, maidir lena húdarú le haghaidh éin ornáideacha, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 787/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1020, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2276 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 107/2010 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 885/2011 (sealbhóir an údaraithe Kemin Europa N.V.)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) agus Airteagal 13(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le breiseáin a údarú lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú, a mhodhnú agus a athnuachan.

(2) Ullmhóid *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737, baictéar a sainaithníodh go tacsanomaíoch roimhe seo mar *Bacillus subtilis* ATCC PTA-6737, údaraíodh í ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú le Rialachán (AE) Uimh. 107/2010 ón gCoimisiún ([2]), le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, lachain lena ramhrú, gearg, piasún, patraiscí, éanlaith ghuine, colúr, géanna lena ramhrú agus ostraisí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 885/2011 ón gCoimisiún ([3]), le haghaidh bainbh scoite agus Suidae scoite seachas *Sus scrofa domesticus* le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013 ón gCoimisiún ([4]), le haghaidh turcaithe lena ramhrú agus turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 787/2013 ón gCoimisiún ([5]), le haghaidh béaróg agus mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1020 ón gCoimisiún ([6]) agus le haghaidh cránacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2276 ón gCoimisiún ([7]).

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas chun údarú ullmhóid *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 a athnuachan le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis seachas mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe, iarratas lena n-áirítear modhnú ar íostiúchan an oibreáin ghníomhaigh san ullmhóid. I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas eile ar úsáid nua maidir leis an ullmhóid sin le haghaidh éin

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 107/2010 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2010 maidir le húdarú *Bacillus subtilis* ATCC PTA-6737 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú (sealbhóir an údaraithe Kemin Europa NV) (IO L 36, 9.2.2010, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 885/2011 ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2011 maidir le húdarú *Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga, lachain lena ramhrú, gearg, piasún, patraiscí, éanlaith ghuine, colúr, géanna lena ramhrú agus ostraisí (sealbhóir an údaraithe Kemin Europa N.V.) (IO L 229, 6.9.2011, lch. 3).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013 ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2013 maidir le húdarú ullmhóide *Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737) le haghaidh bainbh scoite agus Suidae scoite seachas *Sus scrofa domesticus* (sealbhóir an údaraithe Kemin Europa N. V.) (IO L 91, 3.4.2013, lch. 5).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 787/2013 ón gCoimisiún an 16 Lúnasa 2013 maidir le húdarú ullmhóide *Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh turcaithe lena ramhrú agus turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaraithe Kemin Europa N.V.) (IO L 220, 17.8.2013, lch. 15).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/1020 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2015 maidir le húdarú ullmhóid *Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh béaróg agus mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe (sealbhóir an údaraithe Kemin Europa NV) (IO L 163, 30.6.2015, lch. 22).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2276 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2017 maidir le húdarú úsáide nua ullmhóid *Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cránacha (sealbhóir an údaraithe Kemin Europa N.V.) (IO L 326, 9.12.2017, lch. 50).

ornáideacha, éin spóirt agus éin ghéim. Sna hiarratais sin iarradh go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir breiseán "breiseáin zóiteicniúla" agus san fheidhmghrúpa "cobhsaitheoirí fhlóra na stéige" agus bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) agus Airteagal 7(3) den Rialachán sin, faoi seach, ag gabháil leis na hiarratais.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas ar mhodhnú ar théarmaí údarú ullmhóid *Bacillus subtilis* ATCC PTA-6737 mar a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 306/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 787/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1020 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2276, i ndáil le hathrú ainm an bhreiseáin ó *Bacillus subtilis* ATCC PTA-6737 go dtí *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737, a mhéid a bhaineann le tacsanomaíocht an tréithchineáil. Bhí na sonraí ábhartha a thacaigh leis an iarraidh ar athrú, sonraí a cheanglaítear faoi Airteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, ag gabháil leis an iarratas sin.

(5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 30 Meán Fómhair 2020 ([8]) gur sholáthair an t-iarratasóir fianaise go bhfuil ullmhóid *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 i gcónaí sábháilte le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis (seachas mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe) ([9]), tomhaltóirí agus an chomhshaoil, go háirithe nuair a chuirtear an modhnú ar íostiúchan an oibreáin ghníomhaigh san ullmhóid san áireamh. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach greannaitheoir craicinn ná súl atá san ullmhóid agus nach íogróir deirmeach atá inti. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhféadfadh an ullmhóid a bheith éifeachtúil mar bhreiseán zóiteicniúil le haghaidh éin ornáideacha, éin spóirt agus éin ghéim. Ní mheasann an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.

(6) Sa tuairim uaidh an 23 Márta 2022 ([10]), tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur cheart an breiseán a ainmniú go tacsanomaíoch mar *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737. Tháinig sé ar an gconclúid thairis sin nach greannaitheoir deirmeach ná súl atá sa bhreiseán agus nach íogróir craicinn atá ann, ach gur cheart a mheas gur íogróir riospráide atá ann.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ([11]), mheas an Saotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas sa mheasúnú roimhe seo infheidhme maidir leis na hiarratais atá ann faoi láthair.

(8) Léirítear sa mheasúnú ar ullmhóid *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Maidir le lachain lena ramhrú, gearga, piasúin, patraiscí, éanlaith ghuine, colúir, géanna lena ramhrú agus ostraisí, éin spóirt agus éin ghéim, ba cheart iad a mheas mar mhionspeicis éanlaithe clóis agus dá bhrí sin ba cheart iad a áireamh i raon feidhme athnuachan an údaraithe. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis seachas mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe agus ba cheart úsáid an bhreiseáin sin a údarú le haghaidh éin ornáideacha.

(9) Measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin. Ba cheart do na bearta cosanta sin reachtaíocht an Aontais maidir le ceanglais sábháilteachta oibrithe a chomhlíonadh.

(10) Ba cheart ainm an bhreiseáin a ainmniú go tacsanomaíoch mar *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 agus dá bhrí sin ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 787/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1020 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2276 a leasú dá réir.

---

([8]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(11):6280.

([9]) Sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis seachas mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe

([10]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(4):7244.

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgais agus cúraimí na Saotharlainne Tagartha Comhphobail i ndáil le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8).

(11) De thoradh údarú ullmhóid *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 mar bhreiseán beathaithe a athnuachan, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 107/2010 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 885/2011 a aisghairm.

(12) Ós rud é nach gceanglaítear, ar chúiseanna sábháilteachta, go gcuirfear na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú ullmhóid *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 i bhfeidhm láithreach, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe agus as athrú ainm an bhreiseáin a chomhlíonadh.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Athnuachan an údaraithe**

Údarú na hullmhóide a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann le catagóir na mbreiseán "breiseáin zóiteicniúla" agus leis an bhfeidhmghrúpa "cobhsaitheoirí fhlóra na stéige", déantar é a athnuachan le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis seachas mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Údarú**

Údarú na hullmhóide a shonraítear san Iarscríbhinn agus a bhaineann le catagóir na mbreiseán "breiseáin zóiteicniúla" agus leis an bhfeidhmghrúpa "cobhsaitheoirí fhlóra na stéige", déantar é a athnuachan le haghaidh éin ornáideacha faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 3*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013 mar a leanas:

1. Sa teideal, cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737)".
2. Sa tríú colún den Iarscríbhinn, "Breiseán", cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737)";
3. Sa cheathrú colún den Iarscríbhinn, "Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse", cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737)".

*Airteagal 4*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 787/2013**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 787/2013 mar a leanas:

1. Sa teideal, cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737)";
2. Sa tríú colún den Iarscríbhinn, "Breiseán", cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737)";
3. Sa cheathrú colún den Iarscríbhinn, "Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse", cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737)".

*Airteagal 5*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1020**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1020 mar a leanas:

1. Sa teideal, cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737)";
2. Sa tríú colún den Iarscríbhinn, "Breiseán", cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* ATCC PTA-6737";
3. Sa cheathrú colún den Iarscríbhinn, "Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse", cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737)".

*Airteagal 6*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2276**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2276 mar a leanas:

1. Sa teideal, cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737)";

2. Sa tríú colún den Iarscríbhinn, "Breiseán", cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* ATCC PTA-6737";

3. Sa cheathrú colún den Iarscríbhinn, "Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse", cuirtear na focail "*Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737" in ionad na bhfocal "*Bacillus subtilis* (ATCC PTA-6737)".

*Airteagal 7*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 107/2010 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 885/2011.

*Airteagal 8*

**Bearta idirthréimhseacha**

1. An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 306/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 787/2013, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1020 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2276 freisin, agus na réamh-mheascáin a bhfuil an ullmhóid sin iontu, agus a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 9 Meán Fómhair 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 9 Márta 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an ullmhóid iontu a shonraítear san Iarscríbhinn, agus a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 9 Márta 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 9 Márta 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

*Airteagal 9*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | CFU/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: cobhsaitheoirí fhlóra na stéige | | | | | | | | | |
| 4b1823i | Kemin Europa N.V. | *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737 ina bhfuil ar a laghad 8 × $10^{10}$ CFU/g<br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Spóir inmharthana *Bacillus velezensis* ATCC PTA-6737<br>*Modh anailíse* ([1])<br>Áireamh: Modh an leata ar phláta agus úsáid á baint as agar soighe trioptóin (EN 15784)<br>Sainaithint: modh na leictreafóiréise glóthaí bíogréimse (PFGE) nó modhanna seicheamhaithe DNA | Sicíní lena ramhrú<br>Sicíní a thógtar le bheith ina mbeáróga<br>Mionspeicis éanlaithe clóis seachas mionspeicis éanlaithe clóis le haghaidh breithe<br>Éin ornáideacha | - | 1 × $10^7$ | - | 1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa.<br>2. Tá an breiseán comhoiriúnach do na coicideastait seo a leanas, ar choinníoll go bhfuil siad údaraithe le haghaidh na speiceas ábhartha: déchlasairil, dé-coicíonáit, sóidiam salanaimícin, naraisin/niocarbaisin, sóidiam lasalaicid A, amóiniam madúraimícine, sóidiam monainsine, naraisin nó hidreaclóiríd róibeinidín.<br>3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú. | 9 Márta 2033 |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

# CINNTÍ

**CINNEADH (AE) 2023/367 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 19 Eanáir 2023**

**lena gcuirtear síneadh le téarma oifige an Choiste Fiosrúcháin chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid earraí spiaireachta faireachais Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais coibhéiseacha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don togra ó Chomhdháil na nUachtarán,

— ag féachaint d'Airteagal 226 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint do Chinneadh 95/167/CE, Euratom, CEGC ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 19 Aibreán 1995 maidir leis na forálacha mionsonraithe lena rialaítear feidhmiú cheart fiosrúcháin Pharlaimint na hEorpa ([1]),

— ag féachaint do Cinneadh (AE) 2022/480 ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Márta 2022 maidir le coiste fiosrúcháin a chur ar bun chun imscrúdú a dhéanamh ar úsáid earraí spiaireachta faireachais Pegasus agus earraí spiaireachta faireachais coibhéiseacha, agus lena sainítear ábhar an fhiosrúcháin, mar aon le freagrachtaí, líon comhaltaí agus téarma oifige an choiste ([2]),

— ag féachaint do Riail 208(11) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur iarr an Coiste Fiosrúcháin go gcuirfí síneadh lena théarma oifige ionas go mbeidh sé in ann a shainordú a chomhlíonadh go hiomlán agus go cuí;

1. á chinneadh síneadh 3 mhí a chur le téarma oifige an Choiste Fiosrúcháin.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
R. METSOLA

([1]) IO L 113, 19.5.1995, lch. 1.
([2]) IO L 98, 25.3.2022, lch. 72.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA